

Contracts-Conarthaí'11_doc 21

SEICLIOSTA LE HAGHAIDH CHONRADH FOSTAÍOCHTA RÚNAÍ ~CONRADH CAIGHDEÁNACH

Tá na leideanna sa doiciméad aibhsithe le dath dearg. Is gá a chinntíú go scriostar na leideanna agus go n-ionsátar an t-eolas cuí.

Toisc gur teimpléad an doiciméad seo ní mór é a chur in oiriúint do riachtanais dhílse na scoile. Tá sé arna bheartú go n-úsáidfear an conradh teimpléadach i gcásanna ina mbíonn fostaithe nua á gceapadh. Má bheartaítear an teimpléad seo a úsáid le haghaidh fostá nach mbíonn conradh i scríbhinn aige/aici, ní mór a thabhairt faoi deara gur ceart an conradh a bheith ag teacht le téarmaí agus coinníollacha láithreacha fostáochta an fhostaí ach sa chás go dtoilíonn sé/sí le hathrú sna téarmaí agus coinníollacha sin. Ina theannta sin ní mór a thuiscint gur fostá láithreach é/í an fostá agus gur gá an teimpléad a chur in oiriúint dá réir.

Tá sé tábhachtach go dtragraítear don Nótá Treorach maidir le Saincheisteanna Fostaíochta Ginearálta atá ar shuíomh idirlín CPSMA [CBBC (Cumann Bhainisteoirí na mBunscol Caitliceach)].

AN NDEARNA TÚ

1. An dáta agus an bhliain a ionsá?
2. An t-ainm, an seoladh agus an uimhir rolla a ionsá?
3. Ainm agus seoladh an fhostaí a ionsá?
4. A chur in iúl cé acu post lánaimseartha nó post páirtaimseartha atá i gceist agus pé ceann díobh nach bhfuil i gceist a scriosadh? Feic clásal 1.01
5. An dáta tosaithe a ionsá? Feic clásal 1.01
6. A chinntíú go mbíonn an sainchuntas poist ag gabháil leis? Is ceart teimpléad an tsainchuntas phoist a chur in oiriúint do riachtanais dhílse na scoile. Feic clásal 1.02.
7. An líon míonna maidir le promhadh nár cheart a bheith níos mó ná 11 mhí ionsá? Feic clásal 2.01
8. An líon uaireanta oibre in aghaidh seachtaine, na huaireanta oibre go laethúil agus na laethanta in aghaidh seachtaine a ionsá? Feic clásal 4.01
9. Amanna sosa a ionsá? Feic clásal 4.02

10. Sonraí thuarastal an fhostaí in aghaidh na bliana / na míosa / na seachtaine mar is iomchuí a ionsá chomh maith le hionsá na n-eatramh ag a n-íocatar é i.e. in aghaidh na seachtaine / coicíse / míosa chomh maith leis an modh íoctha a ionsá i.e. aistriú bainc? Feic clásal 5.01
11. A ionsá go n-íocatar nó nach n-íocatar le haghaidh ragoibre? Feic clásal 5.02
12. An ráta pá agus an clásal maidir le cathain a íocatar é a ionsá má íocatar haghaidh ragoibre? Feic clásal 5.02
13. Cinneadh maidir le hionsá an chlásail roghnaigh maidir le costais dheimhnithe a chuíteamh? Feic clásal 5.04
14. Ainm an tsoláthraí PRSA [CCSP (Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta)] a ionsá **nó** ina mhalairt de chás sonraí scéim pinsean na scoile a ionsá tá scéim pinsean ag an scoil? Feic clásail ailtéarnacha 6.01
15. Sonraí de shochair ar bith eile a ionsá más ann dóibh? Muna bhfuil sochair eile ann is ceart an clásal seo a scriosadh. Feic clásal 6.02
16. An lín laethanta saoire bliantúla i gcás gur mó an tsaoire bhliantúil ná teidlíocht an fhostaí faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 a ionsá? Feic clásal 8.02
17. An lín laethanta saoire bliantúla le glacadh le linn Iúil agus Lúnasa a ionsá Feic clásal 8.02
18. An t-íosmhéid laethanta saoire bliantúla ar gá don fhostaí a ghlacadh ag an tráth céanna le linn Iúil agus Lúnasa a ionsá? Feic clásal 8.02
19. An t-uasmhéid laethanta saoire bliantúla ar féidir a ghlacadh ag tráth amháin a ionsá? Feic clásal 8.02
20. An tagairt do laethanta pribhléide a scriosadh muna bhfuil a leithéid i gceist? Feic clásal 8.02
21. An clásal atá ina chlásal roghnach maidir le hAoine an Chéasta a ionsá nó a scriosadh? Ní lá saoire poiblí Aoine an Chéasta. Is ceart an clásal a scriosadh má chinntear nach lá saoire le pá é. Feic clásal 8.06
22. An clásal maidir le dhá lá pribhléide a ionsá nó a scriosadh? Is clásal roghnach é seo. Feic clásal 8.07
23. An clásal maidir le bheith i dteideal rannpháirtaíocta sa scéim saoire breoiteachta faoi réir an tréimhse phromhaidh a bheith críochnaithe go sásúil a ionsá, (tá ceithre idirshliocht san alt seo), **nó** ina mhalairt de chás an clásal faoin scoil gan

a bheith ag oibriú scéim saoire breoiteachta a ionsá?
Feic na clásail ailtéarnacha 9.03

24. Clásal 9.04 a scriosadh muna n-oibrítear scéim saoire breoiteachta?
25. Clásal maidir le asleagain shamhraíd/eile má tá seo infheidhmithe a ionsá?
Feic clásal 19.01
26. An líon seachtainí d'fhógra a bhíonn le tabhairt ag an bhfostaí a ionsá?
Feic clásal 23.01
27. An treorú i núch dearg gur cheart an conradh a shíniú i ndúblach etc. a scriosadh?
28. An treorú san agusín i ndúch dearg faoi na dualgais san sainchuntas poist teimpléadach gan a bheith ach mar threoir do scoileanna etc. a scriosadh?
29. A chinntíú go síníonn an Cathaoirleach agus an Fostaí **araon** an conradh **i ndúblach**?
30. A chinntíú go bhfuil cóip amháin den chonradh sínithe coinnithe ag an scoil agus cóip amháin tugtha don fhostaí?
31. Má ardaítear ceisteanna dlí maidir le festaíocht moltar don scoil teagmháil a dhéanamh lena cuid árachóirí chun an t-ábhar a thuairisciú agus chun a fhionnadh an mbíonn údarú ann chun comhairle dlí a fháil.